2024/3114

10.12.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME 2024/3114 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Nollaig 2024

## lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 an 10 Iúil 2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 131/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 1184/2005 ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 747/2014.

(2) An 8 Samhain 2024, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) arna bhunú de bhun Rún 1591 (2005) ó CSNA beirt le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.

([1]) IO L 203, 11.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/747/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 747/2014:

'5. **JUMA BARKALLA**, Abdel Rahman

**Ainmniúchán:** Maor-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus Ceannasaí Darfur Thiar.

**Dáta breithe:** 1 Eanáir 1969.

**Áit bhreithe:** Bahr Elarab, Darfur Thoir, an tSúdáin.

**Náisiúntacht:** An tSúdáin.

**Pas:** An tSúdáin P07834700.

**Uimh. aitheantais náisiúnta:** An tSúdáin 21052659309.

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 8 Samhain 2024.

**An chúis lena liostú:**

Liostaíodh Abdel Rahman Juma Barkalla an 8 Samhain 2024 de bhun mhír 3(c) de Rún 1591(2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

***Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:***

Tá Abdel Rahman Juma Barkalla, Maor-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus Ceannasaí Darfur Thiar á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. Tá ionsaithe na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur tar éis na céadta míle sibhialtach a chur i mbaol mar gheall ar an trodaíocht ghéar, easpa rochtana daonnúla, agus foréigean spriocdhírithe ar shibhialtaigh agus ar ghníomhaithe ar son chearta an duine.

I mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2023, chuir na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus mílístí comhghuaillithe ionadaithe ón tsochaí shibhialta in El Geneina, Darfur Thiar i mbaol bagairtí agus maruithe spriocdhírithe. An 4 Lúnasa 2023, d'fhuadaigh agus mharaigh gunnadóirí in éide na bhFórsaí Mear-Thacaíochta Ahmed Mohammed Abdullah, gníomhaí ar son chearta an duine agus dlíodóir, agus a chomhghleacaí Adam Omer in Nyala, Darfur Theas.

Maraíodh Gobharnóir Darfur Thiar, Khamis Abakar, an 14 Meitheamh 2023, agus chonacthas go deireanach é le Barkalla (féach S/2024/65, mír 71). Taispeánadh Abakar ar fhíseáin ar na meáin shóisialta agus é á bhrú isteach i bhfoirgneamh ag saighdiúirí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin, ar fhíseán eile, taispeánadh corp marbh Abakar agus trúpaí in éide na bhFórsaí Mear-Thacaíochta ag ceiliúradh timpeall air.

Idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2023, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílíste comhghuaillithe 10 n-ionsaí ar a laghad ar shibhialtaigh i mbailte El-Geneina agus Ardamata in Darfur Thiar, inar mharaigh siad na mílte daoine agus chuir siad iad i níos mó ná 13 olluaigh. De réir na dtuairiscí éigníodh mná agus cailíní agus baineadh mí-úsáid ghnéasach astu le linn na n-ionsuithe sin.

6. HAMID MOHAMED, Osman Mohamed

**Ainmniúchán:** Maor-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus Ceannasaí na Roinne Oibríochtaí.

**Dáta breithe:** 1 Eanáir 1966.

**Áit bhreithe:** Kadiqali, Darfur Theas, an tSúdáin.

**Náisiúntacht:** An tSúdáin.

**Uimh. aitheantais náisiúnta:** An tSúdáin 11540384888.

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** 8 Samhain 2024.

**An chúis lena liostú**

Liostaíodh Osman Mohamed Hamid Mohamed an 8 Samhain 2024 de bhun mhír 3(c) de Rún 1591(2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

***Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:***

Tá Osman Mohamed Hamid Mohamed, Maor-Ghinearál na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus Ceannasaí na Roinne Oibríochtaí, á ainmniú toisc é a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Darfur i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha foréigin agus sáruithe ar chearta an duine. Tá ráitis tugtha aige thar ceann na bhFórsaí Mear-Thacaíochta tar éis buanna móra agus is duine tábhachtach i bpleanáil oibríochta na bhFórsaí Mear-Thacaíochta é. Tá ionsaithe na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur tar éis na céadta míle sibhialtach a chur i mbaol mar gheall ar an trodaíocht ghéar, easpa rochtana daonnúla, agus foréigean spriocdhírithe ar shibhialtaigh agus ar ghníomhaithe ar son chearta an duine.

I mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2023, chuir na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílíste comhghuaillithe ionadaithe ón tsochaí shibhialta in El Geneina, Darfur Thiar i mbaol bagairtí agus maruithe spriocdhírithe. An 4 Lúnasa 2023, d'fhuadaigh agus mharaigh gunnadóirí in éide na bhFórsaí Mear-Thacaíochta Ahmed Mohammed Abdullah, gníomhaí ar son chearta an duine agus dlíodóir, agus a chomhghleacaí Adam Omer in Nyala, Darfur Theas.

An 14 Meitheamh 2023, maraíodh Gobharnóir Darfur Thiar, Khamis Abakar, tar éis do na Fórsaí Mear-Thacaíochta é a fhuadach níos luaithe sa lá. Taispeánadh Abakar ar fhíseáin ar na meáin shóisialta agus é á bhrú isteach i bhfoirgneamh ag saighdiúirí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin, ar fhíseán eile, taispeánadh corp marbh Abakar agus trúpaí in éide na bhFórsaí Mear-Thacaíochta ag ceiliúradh timpeall air.

Idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2023, rinne na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílíste comhghuaillithe 10 n-ionsaí ar a laghad ar shibhialtaigh i mbailte El-Geneina agus Ardamata in Darfur Thiar, inar mharaigh siad na mílte daoine agus chuir siad iad i níos mó ná 13 olluaigh. De réir na dtuairiscí éigníodh mná agus cailíní agus baineadh mí-úsáid ghnéasach astu le linn na n-ionsuithe sin.'.